
# 1 bh FAD SIAR SAN AM
# AG IARSMALANN
# AN IÚIR AGUS MHÚRN



# Dia dhuit agus dé do bheatha go dtí an t-am i bhfad siar ag Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn!

***Is é an smaoineamh atá taobh thiar den ghreannán seo ná go mbeidh treoir ghreannmhar agus dhathannach ag ár gcuid cuairteoirí óga a thagann lena dtuismitheoirí go dtí an iarsmalann agus an bailiúchán ann, diomaite de réamheolas éasca fá dtaobh de stair cheantar an Iúir agus Mhúrn a chur ar fáil.***



***Fríd seán-eachtraí a léamh, bíonn muid ag taisteal fríd 9,000 bliain de stair agus roinnt de na hócáidí móra a fheiceáil agus casadh leis na daoine a chuir le forbairt an cheantair.***

***Tchífidh muid ócáidí tábhachtacha go háitiúil san am a chuaigh thart lena n-áirítear daoine réamhstairiúla, an eaglais i luathré chríostaí, muintir Bagenal, An Phlándáil, an tlúr ag teacht chun solais mar bhaile tráchtála agus tógáil na chéad chanáil leibhéil mhullaigh in oileáin iarthar Eorpa, ag teacht suas don linn seo féin agus eolas ar an tsaol i gceantar teorann.***





***Le linn an turais, beidh an dúrud de na déantáin as bailiúchán na hiarsmalainne ag teacht i láthair tamal, rud a chuireann lenár dtuigbheáil ar cad é mar a ghabhann na scéaltaí seo i bhfeidhm ar ár saol.***



***Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as an ghreannán agus go ndéanfaidh an foilseachán seo bailiúchán agus taispeántais na hiarsmalainne níos insroichte dár gcuid cuairteoirí óga (agus níos sine!).***

***Buíochas le foireann Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn as a gcuidiú le cur le chéile an ghreannáin seo.***





***Arna scríobh agus arna mhaisiú ag Seán Ó Faircheallaigh (www.captainwonder.com)***
***Arna eagrú ag Déaglán Ó Cearúill, an Dr. Cainneach Mac an Bhreithiún, Nóirín Ní Chuinneagáin, Conor Ó Cianáin, Greag Mac a'tSaoir agus Ursula Mhic an tSaoir.***

An Macsamhlú ar an chlúdach brollaigh de Chomhaontú Bhéal Feirste (Comhaontú a baineadh amach ag na Cainteanna Ilpháirtí fá dtaobh de Thuaisceart Éireann.) Cm 3883. © Cóipcheart na Coróinach 1998. Arna fhoilsiú le: Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn, Caisleán Bagenal, Sráid an Chaisleáin, Iúr Chinn Trá, Contae an Dúin, BT34 2BY
© Cóipcheart 2013. Gach ceart ar cosnamh Iarsmalann an Iúir agus Mhúrn. Ní cheadmhach cuid ar bith den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, nó a tharchur ar mhodh ar bith, bíodh sé leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré.




...cén bhliain in a bhfuil tú?
Sin Tez agus is mise Pak! Is muide coimeádaithe na hiarsmalainne ...ón bhliain 2114!
A-ach cad é mar?
Leis an fhearas Taisteal ama/spáis nó TAS s'againn, tig linn dul go háit ar bith...nó go ham ar bith!
Inis domh rud amháin más ea...
Cad chuige a bhfuil sé chomh f-f-fuar!?
Cionn is go bhfuil muid san Iúr 11,000 bliain ó shin! Go díreach ag deireadh na hOighearaoise.
Tá na hoighearshruthanna i ndiaidh toiseacht ag leá agus tá na plandaí is na hainmhithe ag pilleadh!
Rachaidh muid ar aghaidh 2,000 bliain eile más ea.
Ach tá sé rud beag féithuar!
7000BC
Cé hiad siúd?
An chéad mhuintir a tháinig go hÉirinn... sealgairí Méisilteacha!




Er – ní maith liom an dóigh ina bhfuil siad ag amharc orainn!
Ní maith liom féin ach oiread.
Is sealgairí iad ceart go leor! Ag seilg orainne!
A thiarcais!
Tá reanna saighde breochloiche, scríobáin agus cinn tua againn i mbailiúchán s'againn san iarsmalann!
Achan uair a tchíonn tú rud ón iarsmalann, nochtfaidh an TAS le cur in iúl duit cá mhéad rud atá ar an leathanach! Scríobh síos cad iád na rudaí sa spás atá le fáil agus cén gailearaí ina bhfaca tú iad!!
RINN SAIGHDE
Rinneadh an ceann seo duit féin!
Áit mhaith is dóigh liom le tuilleadh a chumasc!
Wow!
Tig leis an TAS éadach a dhéanamh dúinn as cé bith ré a dtugann muid cuairt uirthi!
Fhad is nach bhfeiceann mo chairde mé!
4000BC
Anseo cruthaíonn daoine Neoiliotacha an chéad áitriú agus toisíonn feirmeoireacht!
Agus tógann siad meigilití agus ciorcail chloiche cosúl leis an cheann seo i gCluainte Gabhra!
Breathnaíonn sé go hiomlán difriúil ón uair dheireanach dá bhfaca mé é!
Cionn is gur athúsáid daoine na clocha fá choinne tógála!

# CROSFHOCAL




**Theip** ar an **TAS** arís! Chun é a chur ar ais ar líne, líon isteach an crosfhocal thíos a dhéanfaidh a gcuid **cuairteanna ama** a chur sa tsiúl arís! Tá líon na litreacha sa fhreagra i lúibíní i ndiaidh na leide!

**TRASNA**

1. Thóg siad Caisleán na hOireanaí in 1250AD (10)
4. An barr ar chlis air ceithre bliana i ndiaidh a chéile agus a thug an Gorta Mór isteach (5)
6. Miotal ar meascán de chopar agus de stán é (3-4)
8. An rí a d'fhógair é féin mar 'Rí na hÉireann' in 1541 (5)
10. John_ - tírghráthóir mór le rá de chuid na hÉireann (7)
13. Tháinig siad go hÉirinn ón Eoraip thart fá 400RC (8)
15. Tugadh ----- an Bháis_go teaghlaigh a chaill duine muinteartha sa Chéad Chogadh Domhanda (6)
17. An Bagenal a phós Aodh Ó Néill faoi rún (5)
18. ______mac Lochlainn, an tArdrí in 1157AD (13)

**ANUAS**


1. Thóg An Bagenal seo Caisleán Bagenal (8)
2. Ar chuir Naomh Pádraig ag cionn na trá é?(3)
3. Éarlamh na hÉireann (7)
5. Ghlac seo aon bhliain déag len i a thógáil (8)
6. Sheol The Lady________ón Phointe go Baile Sheáin, N.B. (8)
9. Ord na manach a bhunaigh mainistir in 1135AD (11)
11. Rinne na fir chogaidh seo creach ar SheanEaglais Chill Shléibhe i 923 AD (12)
12. Bronnadh é seo ar an Iúr in 2002 chun stádas cathrach a thabhairt dó (5)
14. Tharla Imeacht na ?_sa bhliain 1607 (7)
16. Rinne Seán Gelston iad seo (5)




Faightear na freagraí uilig sna gailearaithe agus sna painéil ar fud na hiarsmalainne

FREAGRAÍ AR LEATHANACH 19!






D'fhág na Ceiltigh oidhreacht shaibhir ina ndiaidh d'ealaín is de chultúr...
...ar nós íol Thóin re Gaoith atá ar fáil anois in Ardeaglais Phádraig Naofa, Ard Mhacha.
400AD
Tháinig an Chríostaíocht go hÉirinn!
Deirtear gur chuir Naomh Pádraig crann iúir in aice le Loch Cairlinn as ar ainmníodh an tIúr...
...nó Iúr Chinn Trá.
923AD
Ach is cuspóir dochloíte do chreachair í an eaglais.
Rinneadh creach ar Shean Eaglais Chill Shléibhe leis na Lochlannaigh sa 10ú céad!
1135AD
"Bunaíodh mainistir ar an Iúr."
Eagraíonn na Cistéirsigh an mhainistir as an úr agus tógann siad an chéad eaglais mainistreach ar an Iúr in 1153...
...Ach is é rí a dhaingníonn stádas na mainistreach...






"Bronnann Ardrí na hÉireann Muircheartach mac Lochlainn cairt ar thailte na mainistreach."
1157AD
"Rinneadh scrios ar an mhainistir i dtine in 1162, lena n-áirítear, deirtear,an crann iúir Naomh Pádraig."
1250AD
Wow!
Rinne na Gaill ionradh ar Uladh ach seasann na hÉireannaigh an fód go tréan ina gcoinne! Tógadh Caisleán na hOireanaí.
1454AD
Atógadh an mhainistir agus d'fhás sí thar na blianta!
Tá mé ag déanamh go n-aithním an chloch atá seisean ag leagan!
1541AD
Fógraíonn Anraí a hOcht...
Is mise Rí na hÉireann!
...agus thoisigh an chóilíneacht Shasanach.




**FREAGRA AR LEATHANACH 19!**







Ach in 1607, buaileadh ar an Niallach agus na ceannaircigh agus theith siad don Eoraip – **Imeacht na nIarlaí.**
Cúige Uladh
Cúige Chonnacht
Cúige Laighean
Cúige Mumhan
Talamh a coinníodh do na hÉireannaigh dhúchasacha
Inimircigh de chuid na hAlban
An Pháil
Na Plandálacha
Gabhadh a gcuid talún agus tugadh do choilínigh Sasanacha agus Albanacha, Séard a thugtar air seo **An Phlandáil.**
"In 1613 fuair An tIúr a chairt mar bhuirgéis."
Charter of King James I to the Town of Newry
James Deo Gratia of England
James, by the Grace of God.
"In 1641, thoisigh an t-éirí amach i gcoinne phlandáil na Sasanach. I 1649, rinne Oliver Cromwell ionradh ar Éirinn gur chuir sé faoi chois gan trua gan taise."
"In 1690, bhuail Liam Oráiste ar Shéamus a Dó ag Cath na Bóinne."
"Dódh an tIúr go talamh le linn Chogadh an dá Rí."
Séamus a Dó
Liam a Trí
1731AD
Ach ba ghearr gur **tógadh as an úr** é nó gur bhain sé tréimhse úr rathúlachta is **rachmais** amach.
Toisíodh ar thógáil **chanáil an Iúir.** Is í an chéad chanáil mhór in Éirinn agus i mBreatain í.
Agus í **ocht míle déag** ar fad, ghlac sé **aon bhliain déag** chun í a thógáil...
...agus de thairbhe na trádála a chruthaigh sí, éiríonn an tIúr ina bhaile poirt lán **rathúnais** is **rachmais.**
2
12




1770AD
Tagann rath ar go leor gnoithe eile. Rinneadh an chlog seo le **fear déanta clog** as an Iúr, Seán Gelston.
"Ach sna 1840í, d'fhulaing Éire **gorta uafásach** nuair a theip ar na prátaí ceithre bhliain i ndiaidh a chéile."
"Fuair **milliún duine** bás mar gheall ar ocras nó galar. B'éigean do mhilliún eile **dul ar imirce** go tíortha thar lear."
3
Thar a bheith fóirsteanach do **thaistealaithe ama!**
"Cuireadh daoine eile go **teach na mbocht** san Iúr agus i gCill Chaoil, áit a bhfuil barraíocht daoine agus í gan sláinteachas agus **garbh.**"
1847AD
JOHN MITCHELL
1815 - 1875
AFTER TWENTY SEVEN YEARS IN EXILE FOR THE SAKE OF IRELAND HE RETURNED WITH HONOUR TO DIE AMONG HIS OWN PEOPLE AND HE RESTS WITH HIS PARENTS IN THE
"Seo an fear a thug grá d'Éirinn, **Seán Mistéil,** a bhfuil rian ag a chuid alt agus scríbhneoireachta le linn an ghorta fós sa lá atá inniu ann".
"Tá dealbh de deas go maith don iarsmalann i bPlás **Sheáin Mhistéil.**"
13





| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| p | l | a | n | d | á | i | l | a | n | e | g | a | b | c |
| s | í | o | c | h | á | n | a | n | r | ú | m | p | d | i |
| n | e | o | i | l | i | t | e | a | c | h | e | l | í | s |
| a | a | s | o | a | a | i | g | i | i | h | e | a | d | t |
| í | u | b | a | h | t | á | n | a | l | a | é | b | i | é |
| r | ú | i | t | n | a | c | t | n | n | g | e | d | ó | i |
| l | o | c | h | l | a | n | n | a | i | g | h | á | l | r |
| l | l | i | é | n | ó | h | d | o | a | h | l | i | b | s |
| m | a | i | n | i | s | t | i | r | m | i | d | l | o | e |
| s | e | á | n | m | i | s | t | é | i | l | o | o | i | a |
| t | l | i | h | g | i | e | h | d | h | c | o | í | r | c |
| b | g | i | a | r | d | á | p | h | m | o | a | n | t | h |
| b | á | c | ú | s | m | h | i | c | c | a | n | a | a | t |
| í | h | s | i | o | a | h | m | u | é | r | h | c | n | a |
| i | n | n | a | l | a | m | s | r | a | i | n | t | r | t |

**Bagenal**
**An Chré - umhaois**
**Cistéirseach**
**Aodh Ó Néill**
**Seán Mistéil**
**Bácús Mhic Cana**
**Mainistir**
**Múrna**
**Iarsmalann**
**Neoiliteach**
**An tIúr**
**Críochdheighilt**
**Síocháin**
**Plandáil**
**Naomh Pádraig**
**Na Trioblóidí**
**Lochlannaigh**
**Béal an Átha Buí**














A) 2010 B.C.
B) 2010 A.D.
C) 3 B.C.
D) 1014 A.D.
E) 742 A.D.
F) 741 B.C.




FREAGRÍ AR LEATHANACH 19!




"Seo **Séamus Mac Seoirse,** duine de **Choimisinéirí an Iúir** atá freagrach as solais, casáin, draenáil agus soláthar uisce an Iúir."






1914AD
Tosaíonn an Chéad Chogadh Domhanda. Liostálann na mílte d'fhir na hÉireann de gach creideamh dá ndeoin féin le gabháil chun cogaidh i gcoinne na Gearmáine.
Mhair an cogadh go dtí 1918 agus fuair a lán d'fhir is de mhná an Iúir agus Mhúrn bás sa choimhlint.
"Is éard atá i bpingin an bháis plaic umha cuimhneacháin a thug Rialtas na Breataine do theaghlaigh na ndaoine sin a fuair bás sa chogadh."
1921AD
NEWRY
Rinneadh an tír a roinnt mar Shaorstát Éireann agus Thuaisceart Éireann. Séard a thugtar air seo críochdheighilt. Tá an tIúr ar thaobh Thuaisceart Éireann den teorainn.
1939AD
"Briseann an Dara Cogadh Domhanda amach. Arís, gabhann a lán d'fhir agus de mhná na hÉireann chun cogaíochta ar thaobh na Breataine."
"Tá saighdiúirí Meirceánacha lonnaithe i gCaisleán na hOireanaí agus i gCill Chaoil."
1941AD
"Thug daoine as an Iúr agus Múrn páistí isteach ina dtithe nuair a rinneadh scrios ar Bhéal Feirste leis na Gearmánaigh."
Rinneadh bia a chiondáil mar gheall ar an chogadh agus cuireadh poist chustaim ar bun chun stad a chur le smuigléireacht.
CUSTAIM
STAD
CUSTOMS
STO


Mmm...tá boladh álainn anseo!
Seo Bácús Mhic Cana! Feidhmíonn sé ar láthair an chaisleáin ar feadh na mblianta!
THIS SIDE UP
ARTHUR McCANN'S
EST 1837
VICTORIA BAKERY
1947AD
1969AD
"Gidh go raibh neart coimhlinte in Éirinn thar na blianta, thosaigh briseadh úr foréigin amach ar a dtugtar na Trioblóidí."
"Agus fuair an tIúr, agus é ina bhaile teorann, a chion féin de is corradh."
AN COMHAONTÚ
BAINEANN AN COMHAONTÚ SEO LE DO THODHCHAÍ. LÉIGH GO CÚRAMACH É, LE DO THOIL.
do chinneadh féin é
"Le linn na 1980aí agus na 1990aí, spreagann Rialtas na hÉireann agus na Breataine polaiteoirí áitiúla i dTuaisceart Éireann chun réiteach síochána. Tugann Comhaontú Aoine an Chéasta ré úr isteach de shíocháin agus d'athmhuintearas."
2002AD
ELIZABETH the SECOND
"Sa 21ú céad tá an tIúr ag rathaíocht le breis daoine ag teacht chun cónaí agus siopadóireacht a dhéanamh anseo agus bronnadh stádas cathrach air in 2002."
Tugann sin suas don lá atá inniu ann, a Sheáin! Anois is mithid duit pilleadh ar do chuid ama féin!
Awww!




# FREAGRAÍ

## Crosfhocal (Leathanach 6)

**Trasna**
1. Normanaigh
4. Práta
6. Cré-umha
8. Anraí
10. Mistéil
13. Ceiltigh
15. Pingin
17. Mabel
18. Muircheartach

**Anuas**
1. Nicholas
2. Iúr
3. Pádraig
5. Caisleán
6. Caroline
8. Cistéirseach
11. Lochlannaigh
12. Cairt
16. Cloig

## Lúbra (Leathanach 10)




## Cuardach Focal (Leathanach 14)

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| p | l | a | n | d | á | i | l | a | n | e | g | a | b | c |
| s | í | o | c | h | á | n | a | n | r | ú | m | p | d | i |
| n | e | o | i | l | i | t | e | a | c | h | e | l | í | s |
| a | a | s | o | a | a | i | g | i | i | h | e | a | d | t |
| í | u | b | a | h | t | á | n | a | l | a | é | b | i | é |
| r | ú | i | t | n | a | c | t | n | n | g | e | d | ó | i |
| l | o | c | h | l | a | n | n | a | i | g | h | á | l | r |
| l | l | i | é | n | ó | h | d | o | a | h | l | i | b | s |
| m | a | i | n | i | s | t | i | r | m | i | d | l | o | e |
| s | e | á | n | m | i | s | t | é | i | l | o | o | i | a |
| t | l | i | h | g | i | e | h | d | h | c | o | í | r | c |
| b | g | i | a | r | d | á | p | h | m | o | a | n | t | h |
| b | á | c | ú | s | m | h | i | c | c | a | n | a | a | t |
| í | h | s | i | o | a | h | m | u | é | r | h | c | n | a |
| i | n | n | a | l | a | m | s | r | a | i | n | t | r | t |

## Dátaí Measctha (Leathanach 14)

A) 2010 BC
B) 741 BC
C) 3 BC
D) 742 AD
E) 1014 AD
F) 2010 AD

## Tabhair Fá Deara don Duifear (Leathanach 14)



## Aimsigh na Déantáin

**Leathanach 7** Pota Cré-umhaoise, Gailearaí 1
**Leathanach 8** Cros cloiche Gailearaí 1
**Leathanach 9** 1) Cairt 2) Cloch Gailearaí 1
**Leathanach 11** Mapa den Iúr ó Ré Eibhlíse Gailearaí 2
**Leathanach 12** 1) Cairt 2) Samhla den Chanáil Gailearaí 2
**Leathanach 13** 1) Clog mhór 2) Eochair do theach na mbocht 3) Cuspa de Sheán Mistéil Gailearaí 2
**Leathanach 15** 1) postaer de Lady Caroline 2) Grianghraf de Ché na gCeannaithe 3) Cuspa de Shéamus Mac Seoirse Gailearaí 2
**Leathanach 16** 1) Pingin an bháis 2) Comhartha Custaim 3) Áilleagán Gailearaí 3
**Leathanach 17** 1) Bosca Cáca de chuid Mhic Cana 2) Comhaontú Aoine an Chéasta Gailearí 3

THUG SEÁN CUAIRT AR IARSMALANN AN IÚIR AGUS MHÚRN AGUS FUAIR SÉ RUD NACH nDEARNA SÉ MARGADH AIR NUAIR A CHAS SÉ LE BEIRT THAISTEALAITHE AMA ÓN 22ú CÉAD!



GABH LE SEÁN AR A EACHTRA FRÍD AM AGUS CUIDIGH LEIS DÉANTÁIN NA hIARSMALAINNE A LORG, FEIC AN tIÚR MAR NACH bhFACA TÚ ARIAMH É NUAIR A THÉANN TÚ AR THURAS IONTACH FRÍD AM AGUS SPÁS!

AG CUR THAR MAOIL LE hIMEACHTAÍ, TOMHAIS AGUS CLUICHÍ, SEO TURAS AR IARSMALANN NACH nDÉANFAIDH TÚ DEARMAD AIR GO DEO!



OFMDFM
Office of the First Minister and Deputy First Minister
www.ofmdfmni.gov.uk

Newry & Mourne MUSEUM | IARSMALANN an Iúir agus Mhúrn

www.bagenalscastle.com

Follow us: @NandMMuseum

Like us: Search NewryAndMourneArtsMuseum

COMHAIRLE AN IÚIR AGUS MHÚRN
NEWRY AND MOURNE DISTRICT COUNCIL